



Coláiste Aonad Bainistíochta:	Oifig na Rannpháirtíochta Domhanda UCD
Scoil Aonad:	UCD Ar Fud na Cruinne
Teideal an Phoist agus Limistéar Ábhair:	Stiúrthóir Comhlach, Foghlaim Thar Lear
Tréimhse an Phoist:	Conradh Sealadach 11-mhí, chun sos gairme a chlúdach
Grád:	Oifigeach Riaracháin Sinsearach IV
Cnuasach Poist agus Leibhéal Gairme:	Cumarsáid & Margaíocht – Leibhéal Gairme 6
Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist:	N/B
Freagrach do:	Stiúrthóir, Caidreamh Domhanda, Comhpháirtíochtaí & Soghluaisteacht
Uimhir Thagartha an Chomórtais:	018838
Riarthóir Acmhainní Daonna:	Natalia McDonagh

Achoimre ar an bPost:

Le UCD Ar Fud na Cruinne, stiúrtar agus treoraítear straitéisí domhanda na hollscoile, agus soláthraítear saincheannaireacht i gcomhpháirtíochtaí agus i rannpháirtíocht, earcaíocht agus tacaíocht do mhic léinn idirnáisiúnta, soghluaisteacht foirne isteach agus amach agus mac léinn, agus gnéithe idirnáisiúnta d'eispéireas na mac léinn.

Trí chaidreamh a ghairíl le páirtithe leasmhara seachtracha, oibríonn UCD Ar Fud na Cruinne ag an bpointe teagmhála idir an ollscoil agus an pobal idirnáisiúnta. Tacaíonn sé le ceannairí na hollscoile chun beartas a mhúnlú, oibríonn sé le Coláistí/Scoileanna agus le haonaid tacaíochta eile chun seachadadh a chinntiú, agus téann sí i mbun plé le mic léinn agus le baill foirne chun rath agus tionchar a thomhas.

Óna cheanncheathrú i mBaile Átha Cliath, stiúrann agus bainistíonn UCD Ar Fud na Cruinne líonra na hollscoile de cúig Ionad Dhomhanda freisin, a fheidhmíonn mar mhóil do ghníomhaíocht UCD i Meiriceá Thuaidh, sa tSín, san Áise Theas, i réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise, agus sa Mheánoirthear.

Agus iad ag obair faoin Stiúrthóir ar Chaidreamh Domhanda, Comhpháirtíochtaí agus Soghluaisteacht agus ina cuid/chuid d'Fhoireann Ceannaireachta UCD Ar Fud na Cruinne, déanfaidh an Stiúrthóir Comhlach ar Foghlaim Thar Lear eolas do straitéis rannpháirtíochta UCD Ar Fud na Cruinne agus í a chur chun feidhme, agus béim ar leith á leagan ar shoghluaisteacht mac léinn (Erasmus+ agus neamh-AE), ar chlár foghlama thar lear agus ar chlár samhraidh. Cumhdófar leis sin tionscnaimh agus oibríochtaí a bhaineann le hearcú mac léinn, caidreamh agus comhpháirtíocht idirnáisiúnta, agus rannpháirtíocht mac léinn. Beidh ról ríthábhachtach ag an sealbhóir poist maidir le mórshéasamh UCD san earnáil staidéir thar lear agus soghluaisteachta mac léinn a fhorbairt, oibreoidh siad le Coláistí/Scoileanna chun an phunann clár a fheabhsú a thuilleadh, agus leanfaidh siad de phunann fhairsing na gcomhpháirtithe a fhorbairt ar fud na cruinne.

Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

Straitéis agus Bainistiú na Foghlama Thar Lear

- Faoi stiúir an Stiúrthóra ar Chaidreamh Domhanda, Comhpháirtíochtaí agus Soghluaisteacht, ceannaireacht a thabhairt ar fhorbairt agus soláthar na straitéisí um Foghlaim Thar Lear ag UCD, lena gcuimsítear Soghluaisteacht Mac Léinn (Erasmus+ agus Malartú) agus Clár Staidéir Thar Lear agus Clár Samhraidh, i gcomhréir le cuspóirí Rannpháirtíochta Domhanda UCD.
- I gcomhairle leis an Stiúrthóir, spriocanna a bhunú agus ceannaireacht a thabhairt ar sheachadadh fáis i

dtionscnaimh Foghlama Thar Lear, i gcomhréir le cuspóirí Rannpháirtíochta Domhanda UCD.

- Ceannaireacht agus bainistiú foirne ardfheidhmíochta a sholáthar chun éifeachtacht fhoireann na Foghlama Thar Lear UCD a uasmhéadú.
- Treoir agus tacaíocht a sholáthar do pháirtithe leasmhara UCD maidir le saincheistean straitéiseacha a bhaineann leis an bhfoghlaim thar lear, lena n-áirítear tagarmharcáil agus rannchuidiú le forbairt príomhtháscairí feidhmíochta ar leibhéal na hollscoile.
- Maoirseacht a dhéanamh ar bhuiséid a bhaineann leis an bhFoghlaim Thar Lear ag UCD, lena gcuimsítear cistiú inmheánach agus seachtrach, agus béim á leagan ar thionchar agus ar thorthaí na hinfheistíochta.

Comhpháirtíochtaí agus Tionscadail Straitéiseacha Foghlama Thar Lear

- Ceannaireacht a thabhairt ar fhorbairt phunann clár na Foghlama Thar Lear, agus deiseanna margaidh a shainaithint, comhairle a thabhairt do Choláistí agus Scoileanna agus oibriú i gcomhar leo, agus dul i ngleic le creataí beartais agus nósanna imeachta chun forbairt clár nua a thabhairt i gcrích.
- Ceannaireacht a thabhairt ar bhainistiú phunann na Foghlama Thar Lear UCD chun a chinntiú go ndéantar cuspóirí straitéiseacha a leagan amach go soiléir i bpleananna bliantúla agus go mbainistítear tionscnaimh go dlúth.
- Maoirseacht a dhéanamh ar mhonatóireacht na gcomhpháirtíochta Foghlama Thar Lear chun cothromaíocht a chinntiú fad a choinnítear caidrimh ar bun, agus tionscnaimh nua a fhorbairt de réir mar is iomchuí agus i gcomhréir le cuspóirí rannpháirtíochta domhanda UCD.
- Ceannaireacht a thabhairt ar fhoghlaim thar lear a thuairisciú agus cruthú na dtuarascálacha mionsonraithe a mholadh do pháirtithe leasmhara UCD chun tionchar agus dul chun cinn a léiriú, agus chun torthaí a chur i láthair d'ardbhainistíocht na hollscoile.
- Ceannaireacht a thabhairt, le tacaíocht ó fhoireann margaíochta UCD Ar Fud na Cruinne, maidir le branda na Foghlama Thar Lear a fhorbairt do UCD, lena léireofar dea-chleachtais agus deiseanna domhanda.

Caidrimh Inmheánacha agus Sheachtracha a Bhainistiú

- Caidrimh den scoth a fhorbairt le páirtithe leasmhara inmheánacha a bhfuil baint acu le Foghlaim Thar Lear, lena n-áirítear Coláistí agus Scoileanna, agus raon d'aonaid tacaíochta.
- Ardleibhéal tacaíochta agus saineolais a sholáthar don Stiúrthóir ar Chaidreamh Domhanda, Comhpháirtíochtaí agus Soghluaisteacht maidir le clár oibre Rannpháirtíochta Domhanda UCD a fhorbairt agus a sheachadadh, agus tagairt shonrach d'Fhoghlaim Thar Lear.
- Caidreamh le soláthraí bainistithe géarchéime UCD a bhainistiú, agus tacaíocht a sholáthar don Stiúrthóir ar Chaidreamh Domhanda, Comhpháirtíochtaí agus Soghluaisteacht maidir le práinnfhreagairt na hollscoile do mhic léinn ar chlár dhomhanda na foghlama thar lear, agus athléimneacht agus cinntitheacht á léiriú.
- Ionadaíocht a dhéanamh thar ceann UCD Ar Fud na Cruinne ag comhdhálacha, imeachtaí agus seimineáir idirnáisiúnta.
- Punanna caidreamh straitéiseach ardleibhéil a fhorbairt agus a bhainistiú san Fhoghlaim Thar Lear le hinstiúidí ardoideachais, ranna agus gníomhaireachtaí rialtais, ENRanna, agus daoine aonair, agus ar leibhéal Aireachta, Ambasadóra agus uachtaránachta ollscoile san áireamh.

Bainistiú Foirne

- Maoirseacht agus comhordú na Foghlama Thar Lear ag UCD a sholáthar, lena n-áirítear úinéireacht ar straitéisí cumarsáide, ról agus freagrachtaí ball foirne agus lán-chomhoibriú, comhordú agus, i gcás inarb iomchuí, comhtháthú le foirne tacaíochta eile san Ollscoil á gcinntiú.

Forbairt Próiseas agus Beartas

- Ardáin oibríochtaí agus beartais a fhorbairt agus a sheachadadh chun tacú le forbairt, rialachas, agus bainistiú chlár na Foghlama Thar Lear.
- I gcomhairle leis an Stiúrthóir, ceannaireacht a thabhairt ar phróiseas pleanála ilbhliantúla maidir leis an bhFoghlaim Thar Lear, lena n-áirítear spriocanna a bhunú, gníomhaíocht a chomhordú ar fud UCD agus

acmhainní a bharrfheabhsú.

- Raon leathan tionscnamh a fhorbairt agus a stiúradh chun an t-eispéireas mac léinn agus cultúrtha a fheabhsú do mhic léinn na Foghlama Thar Lear ag UCD.

Eile

- Cur le sainchúram níos leithne UCD Ar Fud na Cruinne agus den Ollscoil, lena n-áirítear rannpháirtíocht i bhfoirne tionscadail agus tionscnaimh thras-fheidhmiúla.
- Cultúr bharr feabhais a chur chun cinn laistigh den fhoireann Foghlama Thar Lear, agus tacú leis sin ar fud UCD Ar Fud na Cruinne.

95 Oifigeach Riaracháin Sinsearach IV_2013 (2010) Scála tuarastail: €70,037 - €111,200 in aghaidh na bliana

Déanfar ceapacháin ar scála agus de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais. Tá sonraí maidir le hincháilitheacht chun dul san iomaíocht agus faisnéis pinsin ar fáil ag <https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/>

Tá UCD tiomanta do thimpeallacht chuimsitheach a chruthú ina ndéantar ceiliúradh ar éagsúlacht, agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do chách. Fáiltímid roimh iarratais ó gach duine, lena n-áirítear iad siúd a shainaithníonn aon cheann de na tréithe cosanta atá leagtha amach inár mbeartas um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú. Foghlaim tuilleadh faoin Éagsúlacht ag: <https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/>

Soláthrófar socruithe réasúnacha d'aon iarrthóir le linn an phróisis agallaimh a nochtann go bhfuil míchumas orthu nó go bhfuil siad néara-éagsúil.

Critéir Roghnúcháin

Tá Creatlach do Chnuasaigh Phoist ag UCD agus tá an ról seo mar chuid den **Cumarsáid & Margaíocht – Leibhéal Gairme 6**. Tá tuilleadh sonraí ar na hinniúlachtaí feidhmiúla agus lárnacha atá leagtha amach sa Chreat um Chnuasaigh Post ar fáil ag <https://www.ucd.ie/hr/promotionsgrading/jobfamilies/>

Éigeantach:

Taithí agus Cáilíochtaí

- Go hiondúil, 7-10 mbliana de thaithí ghairmiúil ag obair i ról a bhaineann le cumarsáid agus margaíocht in eagraíocht mhór nó in institiúid tríú leibhéal agus
- Céim ábhartha tríú leibhéal (d'fhéadfadh go mbeadh cáilíocht ábhartha iarchéime ag teastáil).
- Ní mór d'iarrthóirí a léiriú conas is féidir leo cur go dearfach le timpeallacht chuimsitheach agus leibhéal feasachta ar chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a chothú.

Inniúlachtaí Feidhmiúla

- **Caidreamh Seachtrach agus Rannpháirtíocht Pháirtithe Leasmhara:** Eolas sármhaith ar chaidreamh seachtrach, ar ghnóthaí poiblí agus ar choincheapa, prionsabail agus cleachtais na rannpháirtíochta páirtithe leasmhara.
- **Eolas faoin Táirge:** Eolas suntasach ar an Ollscoil agus ar a USPanna do chomhpháirtithe ionchasacha agus/nó ar thaighde agus nuálaíocht, scoláireacht agus tionchar na dáimhe.
- **Margaíocht:** Eolas den scoth ar choincheapa, prionsabail, teicnící agus cleachtais mhargaíochta chun dul i gcion ar spriocphobail agus tionchar a imirt orthu.
- **Bainistiú Fadhbanna, Cumarsáid Ghéarchéime agus Riosca:** Eolas láidir ar bhainistiú fadhbanna agus ar choincheapa, prionsabail agus cleachtais chumarsáide riosca agus ghéarchéime chun tacú le bainistiú riosca agus géarchéime.

Croíchumais

- **Pleanáil agus Eagrúcháin:** An cumas a gcuid oibre féin a phleanáil agus a eagrú, tosaíochtaí soiléire a

leagan amach agus a chinntiú go mbaintear spriocdhátaí amach, chomh maith le gníomhaíochtaí a eagrú, tascanna a chur le chéile agus a scaradh chun aschur a sholáthar de réir achar ama soiléir chun cuspóirí na Scoile/an Aonaid/an Choláiste/na hOllscoile a bhaint amach.

- **Bainistiú Tionscadal:** Ardchumas maidir lena chinntiú go ndéantar spriocanna, cuspóir, agus critéir tionscadail nó cláir a shainiú ón tús. Róil agus freagrachtaí, spriocanna insoláthartha agus garspriocanna gaolmhara a shoiléiriú. Plean tionscadail mionsonraithe a fhorbairt agus monatóireacht chúramach a dhéanamh ar an dul chun cinn ina leith sin.
- **Bainistiú Daoine:** Sárchumas chun an obair cheart a mheaitseáil leis na daoine cearta, chun cúraimí a roinnt de réir láidreachtaí agus suimeanna daoine, chun a chinntiú go bhfuil na scileanna agus na hacmhainní réasúnta ag daoine aonair chun obair a chur i gcrích, agus obair a dhéanamh chun foireann láidir a chruthú.
- **Athrú a Bhainistiú:** Cumas ardfhorbartha chun timpeallacht nuálaíochta agus athraithe a chothú. Rannpháirtíocht iomchuí na bpáirtithe leasmhara a chinntiú i gcláir/tionscadail athraithe. A chinntiú go bhfuil an t-athrú ailínithe le Croíluchanna UCD.
- **Oibriú go Straitéiseach:** Cumas láidir cuspóirí an Aonaid a ailíniú le spriocanna agus cuspóirí na hOllscoile. Deiseanna a thabhairt faoi deara i réimsí éagsúla gníomhaíochta agus an scéal iomlán a thuiscint go réamhghníomhach.
- **Bainistiú Páirtithe Leasmhara:** Cumas láidir caidrimh láidre oibre a fhorbairt agus a choinneáil ar bun le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha, agus freagairt do riachtanais agus ionchais a bhainistiú.

Inmhianaithe:

- Ní Bhaineann

Eolas Breise:

An Ollscoil:	https://www.ucd.ie/
Straitéis UCD 2030: Teorainneacha a Shárú	https://strategy.ucd.ie/
Gnóthaí Acadúla:	https://www.ucd.ie/globalengagement/
Acadamh Nuálaíochta, UCD:	https://www.ucd.ie/global/
Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú ag UCD:	https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/

Fiosrúcháin Neamhfhoirmeálta AMHÁIN chuig:

Ainm:	Shauna Hughes
Teideal:	Stiúrthóir, Caidreamh Domhanda, Comhpháirtíochtaí & Soghluaisteacht
Seoladh Ríomhphoist:	shauna.hughes@ucd.ie
Fón:	N/B